# Comhairle Cathrach na Gaillimhe

# Taisteal Gníomhach agus Iompar Inbhuanaithe

Samhain 2025



Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# San eagrán seo

- Geata Bus Beartaithe – Bun a Chnoic / Cnoc an Óir
- Líonra Rothaíochta Bóthar Stiofáin
- Scéim Ghréasán Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin
- Trasrian Coisithe – Droichead na mBradán
- Ainmniúchán do Ghradam Chambers Ireland faighte ag Scoil Iognáid
- *Rothaíocht i nGaillimh* agus *Léarscáil Páirceála Rothaíochta Cathrach na Gaillimhe*




# Geata Bus Beartaithe – Bun a Chnoic / Cnoc an Óir

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag iarraidh oibreacha a dhéanamh i mBun a Chnoic agus i gCnoc an Óir chun leathnú Líonra Bus Chathair na Gaillimhe chuig an gceantar seo a éascú.

Is éard a bheadh i gceist leis seo ná soitheach plandaí atá ann anois a bhaint, agus geata bus a chur ina áit a ligfeadh do bhusanna taisteal idir an dá eastát.Ní bheadh cead ag carranna an geata bus nua a úsáid, ach d’fhéadfaí é a dhearadh chun bealach isteach a thabhairt do shiúlóirí, do dhaoine ag úsáid deiseanna a bhfuil rothaí orthu agus do rothaithe.Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair a mhaoineoidh an tionscadal beartaithe seo, agus éascóidh sé Líonra Bus na cathrach leathnaithe, a bheidh i bhfeidhm ó 2027.

**Pointí tábhachtacha le tabhairt faoi deara**

- Cheanglódh an geata bus seo na céadta duine leis an líonra bus nua, ag cur seirbhís áisiúil ar fáil do thart ar 1,200 duine atá ina gcónaí gar don cheantar seo.
- Tá na pleananna seo sna luathchéimeanna fós. Níl aon oibreacha dearaidh déanta.
- Cuirfidh an geata bus cosc ar charranna a bheith ag dul idir an dá eastát. Is féidir freastal ar shiúlóirí, ar dhaoine atá ag úsáid deiseanna a bhfuil rothaí orthu agus rothaithe, chomh maith leis na seirbhísí éigeandála.
- Mura dtógtar an geata bus, rachaidh an bealach bus nua atá beartaithe timpeall ar an gceantar seo agus bheadh ar na céadta duine dul bealach níos faide chun an stad is gaire dóibh a bhaint amach.
- Ba mhaith linn do thuairimí ar an togra seo a chloisteáil, chun na chéad chéimeanna eile den togra seo a phleanáil.



# Geata Bus Beartaithe – Bun a Chnoic / Cnoc an Óir

## Tá do thuairimí uainn

- Tá tuilleadh eolais ar fáil ónár dtairseach comhairliúcháin ar líne ag https://consult.galwaycity.ie/

- De rogha air sin, is féidir leat do chuid tuairimí a chur chugainn ar ríomhphost chuig ActiveTravel@GalwayCity.ie nó trí scríobh chuig **An Roinn Taistil Ghníomhaigh, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, H91 X4K8.**

### Is é Dé hAoine an 5 Nollaig an spriocdháta le haghaidh freagraí.







Níl aon oibreacha dearaidh déanta ar an ngeata bus atá beartaithe.  D’fhéadfaí na moltaí seo a úsáid:

(1) bacainn a d’ardódh chun bealach isteach a thabhairt do bhusanna amháin; nó
(2) mullaird in-aistarraingthe, a thiocfadh anuas nuair a thagann busanna isteach.

Féadfar roghanna eile a mheas.  Beidh an dearadh deiridh bunaithe ar aiseolas an phobail ón mbeart seo, agus bheadh sé faoi réir iarratas pleanála amach anseo freisin.

# Líonraí Rothaíochta Bhóthar Stiofáin - Tús curtha leis an Obair






Tá obair thógála ar siúl ar an scéim ó thús mhí Mheán Fómhair 2025 agus táthar ag súil go mbeidh an obair sin críochnaithe laistigh de 12 mhí. Is é Jons Civil Engineering an conraitheoir agus tá an obair ar siúl ar an taobh thoir (taobh na Cathrach) ar dtús.

I measc na hoibre atá curtha i gcrích go dtí seo:

- Leagadh an balla cloiche feadh an taobh thuaidh i dtreo Bhóthar Rathúin agus tógadh arís é chun áit a dhéanamh don chosán agus don raon rothar nua.
- Tá an cosán á thógáil ón taobh ó Thuaidh go dtí an taobh ó Dheas agus tá an obair ullmhúcháin don raon rothar ina dhiaidh sin ar bun ionas go mbeidh an obair críochnaithe ar thaobh amháin sula n-aistreofar go dtí an taobh thiar san athbhliain.
- Tá an obair eile go léir chun soilsiú poiblí a fheabhsú agus trasrianta nua coisithe a chur ar fáil faoi lán seoil.

## Cad a chuirfear ar fáil

- Tógfar bonneagar nua siúil agus rothaíochta feadh fhad iomlán  Bhóthar Stiofáin, is é sin 870m, ó Bhóthar Rathúin go dtí Bóthar Dáileacháin an Iarthair.
- Tógfar cosáin nua agus uasghrádaithe mar chuid den scéim seo.
- Tógfar rianta rothaíochta nua a bheidh deighilte go hiomlán ar an dá thaobh den bhóthar.
- Tógfar ceithre chrosaire coisithe ardaithe nua (séabra), agus coinneofar an crosaire atá ann cheana ag an mbealach chuig timpeallán Bhóthar Dáileacháin an Iarthair.
- Laghdófar leithead an bhóthair de réir na bpleananna ceadaithe.
- Déanfar an soilsiú poiblí atá ann cheana a uasghrádú.
- Cuirfear crainn nua feadh codanna den bhóthar.

# Líonraí Rothaíochta Bhóthar Stiofáin - Tús curtha leis an Obair





# Scéim Ghréasán Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin



Táthar ag leanúint leis an tógáil de réir an sceidil ar Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin.

Le míonna beaga anuas, tá an obair curtha i gcrích ar an taobh thoir de Bhóthar an Bhaile Bháin agus ar an taobh ó dheas de Bhóthar Pháirc an Chaisleáin. Tá criúnna ag obair anois ar an taobh eile den bhóthar, agus tá an obair ag dul ar aghaidh arís ar an dá bhóthar ag an am céanna.

Ar Bhóthar an Bhaile Bháin, táthar ag cur tús leis an obair i gar d’acomhail Bhóthar Mhuine Mheá (Thoir agus Thiar). Leanfar le cuid den obair sin i rith na hoíche chun cur isteach a laghdú agus chun a chinntiú go gcuirfear an scéim iomlán i gcrích go tráthúil. Mairfidh an obair san oíche ar feadh thart ar thrí seachtaine. Tá cónaitheoirí áitiúla curtha ar an eolas. Fanfaidh an bóthar oscailte don trácht i gcónaí, cé go bhfuiltear ag súil le cur isteach éigin.

Cuireadh tús leis an obair ar an tionscadal seo i mí Feabhra 2025 agus beidh sí críochnaithe a bheag nó a mhór i Ráithe 3 2026.

Déanfar uasghrádú, san iomlán, ar 19 acomhal aonair ina mbeidh trasrianta coisithe ardaithe agus trasrianta lánaí rothaíochta díreach tríd chun tús áite a thabhairt do ghluaiseachtaí rothaithe. Rachaidh an scéim chun tairbhe do shiúlóirí agus do rothaithe chomh maith trí acomhail a bhfuil comharthaí orthu agus 13 trasrian coisithe a thabhairt isteach. Tá 15 stad bus á dtógáil chomh maith.

# Trasrian Coisithe – Droichead na mBradán



Cuireadh tús leis an obair thógála ar thrasrian coisithe nua ag Droichead na mBradán an 3 Samhain, 2025. Tá an tionscadal le críochnú i mí Feabhra ach cuirfear stad leis tamaillín thar thréimhse na Nollag. Is é Brian Conneely and Co Ltd. an conraitheoir.

Tá tús á chur leis an obair ar an taobh ó thuaidh (taobh na hOllscoile), agus áireofar ar an obair sin na nithe seo a leanas:

- An obair faoi thalamh a bhaineann leis an mbonneagar don trasrian coisithe lena n-áirítear duchtáil, seomraí faoi thalamh, soicéid choinneála do chuaillí na gcomharthaí tráchta.
- Ar mhaithe le trasrian coisithe comhréidh atá inrochtana do chách a chur ar fáil, tá cuid den chosán agus den cholbha á baint agus á chur ar ais arís ag leibhéil nua.
- D'fhonn feabhas a chur ar an soilsiú poiblí agus síneadh a chur leis na soilse atá ann cheana i dtreo an droichid, beidh gá an cosán a thógáil as, ducht a shuiteáil chun an colún nua soilse a cheangal, agus cosán iomlán nua a chur síos.

Déanfar limistéir bheaga d'oibreacha aonair i gcomharsanacht Chrosaire Dhroichead na mBradán agus Dhroichead an Dóchais i mí na Nollag, gan ach cur isteach teoranta ar choisithe.

Is éard atá i gceist le Tionscadal Thrasrian Coisithe Dhroichead na mBradán ná trasrian sealadach do choisithe a thógáil trasna Bhóthar na hOllscoile (an R863) ag Ardeaglais na Gaillimhe. Is trasrian túcánach a bheidh anseo (i.e. trasrian atá rialaithe ag comharthaí do choisithe, do dhaoine atá ag úsáid deiseanna a bhfuil rothaí orthu, agus do rothaithe). Ceanglóidh an trasrian an cosán ar Bhóthar na hOllscoile, in aice le Garraí an Iascaigh, le Droichead an Dóchais agus feabhsófar an tsábháilteacht do gach úsáideoir bóthair.

Beidh roinnt de na hoibreacha ar siúl san oíche. Cuirfear stop leis an obair roimh an Nollaig go dtí an 6 Eanáir 2026.

# Ainmniúchán do Ghradam Chambers Ireland faighte ag Scoil Iognáid




Tá an chéad sráid scoile lár cathrach riamh in Éirinn ar an ngearrliosta do Ghradam Barr Feabhais Rialtais Áitiúil Chambers Ireland.

Ainmníodh an tionscnamh sráide scoile i Scoil Iognáid, Bóithrín na Sliogán, don ghradam Athbheochan Uirbeach agus beidh an ócáid sin ar siúl níos deireanaí an mhí seo i mBaile Átha Cliath.

Is í Scoil Iognáid an chéad Shráid Scoile i lár na cathrach in Éirinn ó osclaíodh an tionscadal ar bhonn píolótach tosaigh i mí na Samhna 2020. Fuarthas amach i dTuarascáil ar an Tionscadal Píolótach gur laghdaigh an scéim úsáid carranna (síos 14%) agus gur mhéadaigh sí líon na leanaí a bhíonn ag siúl (suas 11%), ag rothaíocht (suas 7%) agus ag dul ar scútar (suas 3%) chun na scoile.  Tá tacaíocht bhreise tugtha ag Foireann Taistil Gníomhach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do Shráid na Scoile le sraith oibreacha breise ag Scoil Iognáid agus feadh Raleigh Raleigh agus sna ceantair máguaird.

Is ceann de cheithre thionscadal de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an tionscadal seo a bhfuil áit faighte aige ar an ngearrliosta do na gradaim iomráiteacha. Fógrófar na buaiteoirí ag searmanas in Óstán Crowne Plaza, Baile Átha Cliath, Déardaoin an 27 Samhain.

# Rothaíocht i nGaillimh - Leathanach Gréasáin nua





Tá leathanach gréasáin nua curtha i dtoll a chéile ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun cuidiú leis an bpobal a bhíonn ag rothaíocht i nGaillimh.

Áirítear mapa nuafhorbartha idirghníomhach ar an leathanach ar a dtaispeántar áiteanna páirceála atá ar fáil do rothair (gabháil scáileáin thuas). Tá na háiteanna páirceála saor in aisce atá ar fáil d'os cionn 1,600 rothar ar fud na cathrach marcáilte ar an mapa. Taispeántar áiteanna ónar féidir rothair TFI a fháil ar cíos ar an mapa freisin, chomh maith leis na háiteanna ina bhfuil seastáin deisithe rothar ar fud na Gaillimhe. Cliceáil ar an nasc seo chun an mapa le haghaidh páirceáil do rothair a fháil.

Cuirtear comhairle ar fáil ar an leathanach gréasáin Rothaíocht i nGaillimh freisin maidir le rothair a dheisiú agus aire a thabhairt dóibh, faoi na buntáistí a bhaineann le bheith ag rothaíocht, faoi rothair a choinneáil slán agus faoin mbonneagar rothaíochta atá ar fáil ar fud na cathrach. Déanfar an leathanach a choinneáil cothrom le dáta de réir mar a bheifear ag forbairt seirbhísí agus áiseanna eile ar fud na cathrach sa tréimhse atá amach romhainn.

Is féidir teacht ar na hacmhainní nua ar leathanach Taistil Ghníomhaigh shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.



**Go raibh maith agaibh as é seo a léamh. Bíonn fáilte i gcónaí roimh aiseolas agus ceisteanna.**

**ActiveTravel@GalwayCity.ie**
**091 536400**

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority